An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 39/24**

**CO EUR 33**
**PV/CO EUR 21**

**MIONTUAIRISCÍ**

| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 24 agus an 25 Meitheamh 2021) |
|---|---|

Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach na miontuairiscí ó chruinniú an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, mar a leagtar amach sa doiciméad seo iad, agus chinn sí iad a chur ar fáil don phobal.

**CLÁR**

**Leathanach**


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe | 3 |
| 2. | Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa | 3 |
| 3. | Glacadh an chláir oibre | 3 |
| 4. | COVID-19 | 3 |
| 5. | An Téarnamh Eacnamaíoch | 3 |
| 6. | An Imirce | 3 |
| 7. | An Tuirc | 3 |
| 8. | An Libia | 4 |
| 9. | An Rúis | 4 |
| 10. | An Bhealarúis | 4 |
| 11. | An tSaiheil | 4 |
| 12. | An Aetóip | 4 |
| 13. | An Chibearshlándáil | 4 |
| 14. | Glacadh na gconclúidí | 4 |

**1. Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, maidir le dúshláin dhomhanda agus saincheisteanna geopholaitiúla.

**2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa**

D'éist an Chomhairle Eorpach le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa.

**3. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 8/21 é.

**4. COVID-19**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na hiarrachtaí comhordúcháin mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus phléigh sí na chéadcheachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim.

**5. An Téarnamh Eacnamaíoch**

Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar chur chun feidhme Next Generation EU agus phléigh sí an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

**6. An Imirce**

Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid feadh na mbealaí éagsúla agus chuir sí treoir ar fáil maidir le cur chuige an Aontais maidir le comhar agus comhpháirtíochtaí comhthairbheacha le tíortha tionscnaimh agus idirthurais.

**7. An Tuirc**

D'fhill an Chomhairle Eorpach ar an staid sa Mheánmhuir Thoir agus an caidreamh leis an Tuirc. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

**8. An Libia**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid sa Libia agus dhearbhaigh sí a lántiomantas don phróiseas cobhsaíochta sa tír.

**9. An Rúis**

Phléigh an Chomhairle Eorpach an caidreamh leis an Rúis, agus an tuarascáil ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún á cur san áireamh aici. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin, déanfaidh sí measúnú ar an gcur chun feidhme agus tabharfaidh sí treoir bhreise de réir mar is gá.

**10. An Bhealarúis**

Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar chur chun feidhme na mbeart maidir leis an mBealarúis mar a leagtar amach iad sna conclúidí uaithi an 24 agus an 25 Bealtaine 2021, agus thug sí aghaidh ar an staid sa tír.

**11. An tSaiheil**

Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid i réigiún na Saiheile.

**12. An Aetóip**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid mar atá san Aetóip.

**13. An Chibearshlándáil**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na cibirionsaithe a rinneadh le déanaí i gcoinne na mBallstát.

**14. Glacadh na gconclúidí**

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 7/21 iad.

---